Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10742 – HARTREE / CATL / CFC / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 262/11)

1. An 28 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Hartree Partners Singapore Pte. Limited ("Hartree", Singeapór), fochuideachta ar lánúinéireacht ag Hartree Partners, LP, faoi rialú deiridh ag Brookfield (Ontario, Ceanada) agus Oaktree (California, SAM),

— Contemporary Amperex Technology Co. Ltd. ("CATL", Daon-Phoblacht na Síne),

— Cathay Fortune Corporation ("CFC", Daon-Phoblacht na Síne).

Gheobhaidh Hartree, CATL agus CFC comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht tráchtearraí ceannaí domhanda é Hartree, gnólacht a dhéanann speisialtóireacht san fhuinneamh, i dtráchtearraí agus i margaí airgeadais, lena n-áirítear fuinneamh, miotail, fuinneamh in-athnuaite, agus urrúis.

— Tá CATL gníomhach i monaraíocht ceallraí agus díríonn sé ar cheallraí ian litiam in-athluchtaithe a úsáidtear le haghaidh feithiclí agus córais stórála fuinnimh a fhorbairt, a tháirgeadh agus a mhargú.

— Is gnólacht infheistíochta cothromais é CFC a infheistíonn go príomha i mianraí, i bhfuinneamh nua agus in ábhair nua ar fud an domhain.

3. Beidh an Comhfhiontar gníomhach i stáisiúin chumhachta stórála fuinnimh a fhorbairt agus a oibriú i dtíortha amhail an Astráil, an tSín, an India, an tSeapáin, an Ríocht Aontaithe, na Stáit Aontaithe agus san Aontas Eorpach. Is iad an Astráil, an India, an tSeapáin agus an Ríocht Aontaithe na tíortha tosaigh a bhfuil sé beartaithe ag an gComhfhiontar tionscadail a fhorbairt iontu.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10742 – HARTREE / CATL / CFC / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË